Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal
ABP--315355-22

Dáta	18 Aibreán 2024
Am Tosaithe	10.00 A.M
Suíomh	An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don chigire soiléiriú a iarraidh ar aighneachtaí a rinneadh agus aon saincheisteanna ábhartha a tháinig chun cinn. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a iarraidh ó pháirtithe eile maidir le haighneachtaí a rinneadh ag an éisteacht.

Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin, ní gá aighneachtaí a cuireadh isteach roimhe seo i scríbhinn, a athrá ag an éisteacht ó bhéal.

Ag deireadh na héisteachta, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás le cur faoi bhráid an Bhoird. Is é an Bord a chinnfidh cibé an ndeonófar nó an ndiúltófar cead.

Má bheartaíonn tú cóipeanna scríofa de d'aighneachtaí a chur ar fáil, ní ghlacfar leo ach amháin má bhíonn cóipeanna ar fáil do rannpháirtithe uile na héisteachta. Ba chóir dhá chóip d'aon doiciméad scríofa a chur isteach le haghaidh chomhad an Bhoird.

Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.

Clár Oibre	
Lá agus Dáta: Déardaoin 18ú Aibreán 2024	
Am	**Modúl**
10.00	**Oscailt na héisteachta ó bhéal** • An Bord Pleanála
	Aighneacht don Éisteacht

	An Chéad Pháirtí: Achoimre ar nádúr agus leithne na forbartha atá beartaithe (10 nóiméad ar a mhéad). Freagraí ar shaincheisteanna a tarraingíodh anuas in agóidí. Iarrtar ar an gCéad Pháirtí díriú go speisialta ar na nithe seo a leanas: 1. Soiléiriú maidir le húinéireacht tailte lastall de theorainn shuíomh an iarratais. 2. Soiléire ar mhéid na n-oibreacha a rinneadh go dtí seo. 3. Soiléire maidir leis an gcineál ábhar líonta, agus leibhéil líonta molta trasna an láithreáin. 4. Mionsonraí ar mheasúnú na timpeallachta bonnlíne agus, ar éifeachtaí comhcheangailte, go háirithe maidir leis na tailte soir agus ceadanna a deonaíodh ar thailte atá faoi úinéireacht an iarratasóra. 5. Deimhniú ar cibé an ndearnadh suirbhé ar an madra uisce mar chuid den NIS. 6. I bhfianaise nádúr na gcoinníollacha talún agus úsáid bheartaithe na dtailte, d'fhéadfadh saincheisteanna cobhsaíochta a bheith ann.
	Aighneacht an Údaráis Pleanála
	Aighneacht ón Tríú Páirtí
13.00-14.00	**Sos**
14.00	**Ceistiú idir na páirtithe**

	○ Tríú Páirtí ar an gCéad Pháirtí agus ar an Údarás Pleanála.
	○ An tÚdarás Pleanála ar an gCéad Pháirtí agus ar an Tríú Páirtí.
	○ An Chéad Pháirtí ar an Údarás Pleanála agus ar an Tríú Páirtí.
	Ráitis deiridh san ord seo a leanas: ○ An Tríú Páirtí ○ Údarás Pleanála ○ An Chéad Pháirtí.
	Dúnadh na héisteachta ó bhéal